—1987—

# Máirtín Ó Cadhain: Scríbhneoir Nua-Aimseartha Iar-Fhreudach

Louis de Paor

(Cathaoirleach: Alan Harrison)

I dtús na haiste aige ar fhilíocht Sheáin Uí Ríordáin in *Filí faoi Sceimhle*, labhraíonn Seán Ó Tuama ar an gcor nua a chuir an Ríordánach i bhfilíocht Ghaeilge a linne:

> Buaileann sé a chló indibhidiúil Gaelach féin anuas ar mhothú agus ar mheitifisic atá ag eascairt in iarthar domhain ó aimsir Bhaudelaire i leith go speisialta. Ach is é a dhéanann filíocht shuaithinseach dá chuid filíochta ná gur oir an fuadar idirnáisiúnta seo do chruth faoi leith a aigne, is go raibh cumas a léirithe aige ar shlí nua neamhchoitianta dhúchasach.[1]

Rianaíonn an Tuamach ina dhiaidh sin an gaol idir dánta an Ríordánaigh agus tuiscintí áirithe i dtaobh bhrí na beatha a bhí forleathan ag an am. Labhraíonn sé ar an amhras a bhí á chaitheamh ar acmhainní an réasúin; ar an gceistiú a deineadh ar luachanna morálta agus ar nósmhaireachtaí creidimh; agus ar an éadóchas a tháinig chun cinn de réir mar a bhíothas ag briseadh ar na seanmhúnlaí tuisceana. Leis an gcorraíl mhór mheanman seo, tháinig athrú bunúsach ar fheidhm na filíochta agus ar phraitic na bhfilí. Sa mhéid gur cuspóir di teacht ar shlite nua chun an fhírinne a aimsiú, luaitear feidhm reiligiúnda le cuid mhór den nuafhilíocht. Féachann an nuafhile le fairsingiú a dhéanamh ar a bhraithstint chun teagmháil lena eisint phearsanta. I bhfocail Uí Ríordáin, féachann sé leis an 'mise ceart' a

aimsiú mar threoir bheatha dó féin. Tá an ghné spioradálta seo den nuafhilíocht go tréan i bhfilíocht an Ríordánaigh agus a chló Gaelach féin uirthi. I measc na dtréithe dúchais a léiríonn oibriú faoi leith a shamhlaíochta ar mhúnlaí idirnáisiúnta na nuafhilíochta, luann an Tuamach an greann leipreachánach, an friotal samhailteach a fáisceadh as beatha na tuaithe, agus an scéalaíocht ba mhúnla ceapadóireachta aige sna dánta fada. San aiste tríd síos, léiríonn an Tuamach conas mar a d'éirigh leis an Ríordánach le fuinneamh indibhidiúil a shamhlaíochta dhá thraidisiún a nascadh sa chuid is fearr dá dhéantúis fhileata. As mionanailís mar sin ar an gcumasc idir dhá shraith shamhlaitheach san fhilíocht, cuireann sé comhthéacs oiriúnach léitheoireachta ar fáil do dhánta Uí Ríordáin. Sa mhéid go n-ainmníonn sé foinsí an fhuinnimh ba stiúir chruthaitheach ar shamhlaíocht an fhile ón dá thaobh, tá an anailís dílis do mheanma na filíochta féin.

San aiste seo, ba mhaith liomsa scagadh den sórt céanna a dhéanamh ar ghearrscéalta Mháirtín Uí Chadhain. Ba mhaith liom labhairt go speisialta ar an gcomhthéacs fealsúnta a chuir fuinneamh lena acmhainn samhlaíochta agus ar an gceangal idir an cúlra meitifisiciúil sin agus na tuiscintí liteartha a shealbhaigh sé ón scríbhneoireacht chomhaimseartha. Labharfaidh mé ina dhiaidh sin ar an earraíocht a bhain sé as nósmhaireachtaí coitianta na linne chun a shainléargas féin a thabhairt ar dhála maireachtana a mhuintire in Éirinn. Sula dtabharfaidh mé faoin méid sin ar fad, áfach, ba mhaith liom labhairt go hachomair ar na tuiscintí i dtaobh mheanma na litríochta agus i dtaobh na bhfórsaí a gheiteann samhlaíocht an scríbhneora atá intuigthe sa chur chuige seo agam.

Pé ní a déarfaí i dtaobh bhuanna na samhlaíochta aige, is dóigh liom go nglacfaí leis den chuid is mó nach n-éalaíonn an scríbhneoir ar fad ó na tuiscintí bunúsacha i dtaobh bhrí na beatha agus nádúr an duine a mbíonn glacadh coitianta leo lena linn féin. As meanma na linne a fháisctear na nósmhaireachtaí liteartha a stiúrann cleacht an scríbhneora i bhfilíocht nó i bprós agus tagann stiúir nua ar an litríocht nuair a thagann claochlú ar an meanma choitianta sin. Tagann borradh faoin ealaín i gcoitinne gach uair a dtugtar freagraí nua ar sheancheisteanna i dtaobh bhrí na beatha agus chinniúint an duine. Geiteann fuinneamh an úrmhachnaimh an t-aos ealaíne chun scaoileadh le seanstíleanna, chun fairsingiú a dhéanamh ar scóip na healaíne agus réimsí breise den bheatha dhaonna a thabhairt laistigh dá raon. Priocann an fuadar fealsúnta samhlaíocht an scríbhneora chomh maith agus bíonn sé ag freagairt dó ar shlí chruthaitheach laistigh de raon a chumais féin. Sa mhéid go mbíonn creideamh nua ag teacht chun cinn de réir mar a bhíonn seanchreideamh ag meath, bíonn nuacht san ealaín i gcónaí agus foinse leanúnach fuinnimh ar a cúl. Fágann an stiúir mheitifisiciúil seo go mbíonn íomhá áirithe den duine intuigthe sa litríocht i ngach aois, íomhá a fhágann a rian go follasach ar stíl an scríbhneora. Ní mar a chéile, cuirim i gcás, an leagan amach cliarlathach uaslathach a bheadh ag filí na scol ar an ngréasán sóisialta ná